Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10874 – DSM / FONTERRA / TASMAN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 458/09)

1. An 23 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— DSM Venturing B.V. ("DSM", "an Ísiltír"), atá faoi rialú i ndeireadh na dála ag grúpa Royal DSM N.V. ("Royal DSM", "an Ísiltír"),

— Fonterra (an Eoraip) Coöperatie U.A. ("Fonterra", "an Ísiltír"), atá faoi rialú i ndeireadh na dála ag Fonterra Co-operative Group Limited ("Fonterra Co-operative", "Nua-Shéalainn"),

— Cuideachta nuachruthaithe, Tasman ("JV", "an Ísiltír").

Gheobhaidh DSM agus Fonterra rialú comhpháirteach ar an JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Fonterra gníomhach i dtáirgeadh agus i ndíol táirgí déiríochta ar fud an domhain;

— Tá DSM gníomhach i gcothú, i sláinte agus i mbitheolaíocht a sholáthraíonn réitigh chothaitheacha, breiseáin speisialtachta do dheighleoga cothaitheacha, comhábhair, ábhair bhithleighis chomh maith le réitigh a thugann aghaidh ar bhlas agus uigeacht;

— Beidh an JV gníomhach sa mhargadh le haghaidh próitéiní malartacha trí phróitéin déiríochta a dhíorthaítear ó choipeadh a fhorbairt agus a tháirgeadh, a mhargú agus a dhíol.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10874 – DSM / Fonterra / Tasman

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË